FuturEnergy Ireland
Development DAC

25-27 Fitzwilliam Hall
Fitzwilliam Place
Dublin 2 D02 T292

A Úinéir Tí, a chara,

Tá súil agam go bhfuil tú go maith.

Tá roinnt athruithe tarlaithe laistigh de *Coillte Renewable Energy* ón gcumarsáid deireanach a bhí againn leat. Ba mhaith linn tú a thabhairt cothrom le dáta maidir leis na hathruithe seo agus nuashonrú a thabhairt duit maidir leis an dtionscadal Feirm Ghaoithe Choimín na Bodóige.

I mí na Samhna 2021 d'fhógair Coillte agus ESB cuideachta chomhfhiontair 50:50 nua FuturEnergy Ireland a bheith seolta. Tá an phunann iomlán tionscadail ghaoithe de chuid *Coillte Renewable Energy* aistrithe anois go dtí an cuideachta nua, san áireamh tá Feirm Ghaoithe Choimín na Bodóige atá beartaithe, co-fhorbairt le SSE Renewables.

Tugann sé seo na sócmhainní is láidre sa Stát i réimse na forbartha fuinnimh in-athnuaite ar talamh le chéile. Is mian linn an acmhainn breis agus 1GW fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt faoi 2030 agus cion tairbhe nach beag a dhéanamh ar son Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (2021) in Éirinn. Tá sprioc dúshlánach leagtha síos ag an Rialtas sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus is é sin gur le fuinneamh in-athnuaite a shásófar 80% de riachtanais leictreachais na tíre faoin mbliain 2030 agus tá *FuturEnergy Ireland* in áit mhaith chun an uaillmhian sin a bhrú ar aghaidh.

Leanfar do bheith ag cur Feirm Ghaoithe Choimín na Bodóige atá beartaithe chun cinn i gcomhpháirt lenár bpáirtnéir co-fhorbartha ar an tionscadal seo, SSE Renewables. Is féidir leat glacadh leis nach bhfuil aon athrú ar an bhfoireann tionscadail atá i mbun na hoibre agus nach bhfuil aon athrú ar na gealltanais a tugadh maidir leis an dtionscadal agus níl aon athrú ar mo shonraí teagmhála mar Oifigeach Idirchaidreamh Poiblí (CLO).

Tá breis eolais ar an dtionscadal ar fáil ar an suíomh Gréasáin atá tiomnaithe don tionscadal ag www.cummeennabuddogewindfarm.ie .

Beidh mé ag glaoch ó dhoras go doras sna seachtainí atá romhainn chun níos mó eolais a sholáthar i dtaobh an tionscadail fuinnimh In-athnuaite seo i gceantar Choimín na Bodóige. Idir an dá linn, más mian leat teagmháil a dhéanamh liom chun aon ghné den tionscadal a phlé nó chun cruinniú a shocrú ar lá agus am a oireann duit-se, tá mo shonraí teagmhála thíos.

Nó más fearr leat, is féidir leat rphost, glaoch gutháin nó téacs a chur chugam ag iarraidh orm tú a choimeád cothrom le dáta maidir leis an tionscadal.
Is mise le meas,

Brendan Twomey
Oifigeach Idirchaidreamh Pobail
Guthán: 087 971 2151
Email: cummeennabuddoge@futurenergyireland.ie
Website: www.cummeennabuddogewindfarm.ie